Polasaí Riachtanais Bhreise Oideachais

Choláiste an Phiarsaigh

Gleann Maghair

Corcaigh

62301N

Pátrún na Scoile: Gaelachas Teo

Inneachar

Réamhrá 4
Spiorad sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile 4
Ráiteas Misin 4
Ráiteas Scoile 4
Réasúnaíocht 5
Gaol le sainspiorad na scoile 5
Scóip: 5
An Creat Reachtaíochta: 5
Foilseacháin Thacaíochta: 6
Ionchuimsiú: 6
Riachtanais Bhreise Oideachais (RBO) 6
Aidhmeanna: 6
Cur i bhfeidhm Mhúnla Múinteoireachta Oideachais Speisialta 2017 7
Ag tacú le daltaí le Riachtanais Bhreise Oideachasúla: 8
Creat Contanam Tacaíochta SNSO 8
Rólanna agus Freagrachtaí: 9
An Bord Bainistíochta 9
An Phríomhoide: 10
An Foireann RBO 10
An Comhordaitheoir RBO 11
An Múinteoir Bliana 11
An Múinteoir RBO 12
An Múinteoir Ábhair: 12
An Cúntóir Riachtanas Speisialta 14
An Tuismitheoir/Caomhnóir 14
An Dalta 15
Socrú do dhaltaí a bhfuil riachtanais ar eolas agus doiciméadú 15
An t-aistriú go dtí an iar-bhunscoil agus an t-aistriú aisti 15
An t-aistriú go dtí an iar-bhunscoil agus ó iar-bhunscoil eile 16
Ag tosnú le RBO aitheanta i mBliain 1 16
Bliainghrúpaí eile le diagnóis nua 16

Socrú do dhaltaí le riachtanais atá ag teacht chun cinn 16
Eolas á lorg ag siceolaí, teiripeoir saothair agus gníomhaireachtaí seachtracha eile 16
Eolas bailithe ó múinteoirí ábhair..... 16
Eolas bailithe le scagadh agus tástáil Diagnóiseach 17
Léirmheas ar thacaíocht do mhic léinn 18
Comhréiteach Réasúnta ar Scrúduithe Teastais .....~~**Error! Bookmark not defined.**~~
Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas ..... ~~**Error! Bookmark not defined.**~~
Modhanna Idirghabhála/Tacaíochta..... 18
Coimeád taifead 19
Ag monatóireacht polasaithe agus nósanna imeachta..... 20
An Rang Speisialta 17
Acrainmneacha: 22
Aguisín 1..... 23
Aguisín 2..... 29

Réamhrá

Sa pholasaí seo, leagtar síos creat d'fhonn comhordú éifeachtach a dhéanamh ar na hacmhainní breise múinteoireachta a chuireann an Roinn Oideachais & Scileanna (ROS) ar fáil mar thacaíocht do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais (RBO) acu. Is cuid lárnach den chreat ionchuimsitheach uile scoile, soláthar éifeachtach a chur ar fáil do dhaltaí RBO – soláthar a chuireann béim ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim éifeachtach do gach dalta chomh maith le comhpháirtíocht mhaith idir scoil, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí.

Spiorad sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile

Ráiteas Misin

Meánscoil lán-Ghaelach is ea Coláiste an Phiarsaigh. Tugann pobal uile na scoile tús áite don chultúr Gaelach. Tá sé mar aidhm againne i gColáiste an Phiarsaigh tréithe na Críostaíochta a chothú. Is é sainspiorad na scoile ná meas a bheith againn ar a chéile, agus sinn ag tabhairt aitheantais d'éagsúlacht daoine, inár gcaidreamh laethúil. Tá Coláiste an Phiarsaigh tiomnaithe d'fhorbairt, do dhea-oiliúint agus d'fheabhas acadúil an dalta.

Ráiteas Scoile

Is meánscoil comhoideachais lán-Ghaeilge í Coláiste an Phiarsaigh a fhreastalaíonn ar dhaltaí lae agus cónaithe.

Is cuid lárnach d'fhealsúnacht na scoile an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh den scoil. Chuige sin tugann an scoil, idir mhúinteoirí, agus dhaltaí, tús áite do labhairt na Gaeilge sa scoil agus in imeachtaí uile na scoile. Tá sé riachtanach go mbeadh gach dalta sásta tacaíocht ghníomhach a thabhairt dúinn san obair sin.

Déanfaimid gach iarracht atmaisfeár nádúrtha foghlamtha a chruthú sa scoil. Beimid ag súil go mbeidh gach dalta fíreannach, macánta, dílis, dea-bhéasach, iontaofa agus freagrach. Is ceart go mbeadh meas ag an dalta ar dhaoine eile, laistigh agus lasmuigh den scoil, agus ar gach a mbaineann leo. Ba cheart go mbeidís toilteanach obair de réir a gcumais agus go mbeidís eolach ar rialacha agus riachtanais na scoile.

Tá sé mar chúram ar an scoil a chinntiú gur féidir le foghlaim, le forbairt agus le fás an dalta dul chun cinn gan bac d'aon tsaghas.

Is ceart go mbeadh spiorad na Críostaíochta le mothú i ngach uile gné de shaol na scoile. Cuirfimid romhainn an tuiscint agus an dea-shampla sin a léiriú i gcónaí inár gcumarsáid laethúil lena chéile ionas gur féidir le gach ball de phobal na scoile forbairt agus fás go nádúrtha.

Réasúnaíocht

Is polasaí é seo atá ghá fhorbairt agus tugtar san áireamh athruithe cleachtais de réir mar a bhíonn siad ag tarlú ag leibhéal polasaí náisiúnta. Ina theannta sin, tá an polasaí ann le cinntiú go bhfuil nósanna imeachta oiriúnach á gcur i bhfeidhm le go mbeadh an scoil in ann:

- Freastal ar na daltaí a bhfuil riachtanas bhreise oideachais acu atá cláraithe inár scoil
- Cabhrú le tuismitheoirí /caomhnóirí cinneadh eolasach a dhéanamh maidir le clárú a bpáiste inár scoil
- Cloí le reachtaíocht agus ciorcláin roinne
- A róil faoi seach maidir le soláthar RBO a leagan amach do na comhpháirtithe maidir le soláthar RBO chun cabhrú leo na deiseanna foghlama is fearr a sholáthar do dhaltaí le RBO
- Soláthar tacaíochta riachtanas bhreise sa scoil a athchóiriú, sa seomra rang agus i gcásanna aistarraingthe.

Gaol le sainspiorad na scoile

Is timpeallacht shábháilte, ionchuimsitheach é Coláiste An Phiarsaigh, áit a bhfuil meas ar gach dalta agus gach ball foirne. Fáiltítear roimh gach duine, glactar le gach duine agus cothaítear cóimheas. Tá an scoil tiomanta don fhís go mbainfeadh gach dalta amach barr cumais i dtimpeallacht thuisceanach, dhearfach. Ag teacht le héiteas na scoile i gColáiste an Phiarsaigh is é an dalta féin atá i gcroílár an tsoláthair thacaíochta RBO. Mar mhúinteoirí, déanaimid gach iarracht freastal ar réimse riachtanais oideachasúla inár gcuid ranganna. Bíonn sé mar aidhm againn i gcónaí gach dalta, daltaí le RBO ina measc, a bheith rannpháirteach ar bhealach dearfach sa rang. Bainimid úsáid as modhanna foghlama gníomhacha a chuireann ionchuimsiú agus foghlaim chun cinn. Fáiltíonn Coláiste an Phiarsaigh roimh dhaltaí le RBO agus tá sé mar aidhm againn prionsabail Acht EPSEN (2004) a bhaint amach.

Scóip:

An Creat Reachtaíochta:

Cuireann an polasaí an reachtaíocht seo a leanas san áireamh:

- An tAcht Oideachais (1998)
- An tAcht um Stádas Comhionann (2000)
- An tAcht Comhionannais (2004)
- An tAcht Oideachais (Leas) (2000)
- Na hAchtanna um Cosaint Sonraí (1988, 1998, 2003 and 2018)
- Acht EPSEN (Oideachas do Dhaoine le Riachtanis Speisialta Oideachais) (2004)
- An tAcht um Tús Áite do Leanaí (2015)
- An tAcht (Iontrálacha Scoile) Oideachais (2018)

Foilseacháin Thacaíochta:
Baineadh leas as na cáipéisí polasaithe agus treoirlínte seo a leanas i scríobh an pholasaí seo:

- Ionchuimsiú Daltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais: Treoirlínte Iarbhunscoile (ROS, 2007).
- Ciorclán 0014/2017: Leithdháileadh Mhúinteoireacht Oideachais Speisialta.
- Treoirlínte Tacaíochta do Dhaltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais in Iar-bhunscoileanna príomhshrutha (ROS, 2007).
- Riachtanais Speisialta Oideachais: Contanam Tacaíochta d'Iarbhunscoileanna - Treoirlínte do Mhúinteoirí agus Paca Acmhainní atá bainteach leis (SNSO).
- Treoirlínte Tacaíochta do Daltaí le Deacrachtaí Iompair, Mothúchánacha agus Sóisialta: Treoirleabhar do Scoileanna.

Ionchuimsiú:
Le go mbeadh ionchuimsiú ann, is gá tuiscint a bheith againn ar dtús, ar riachtanais dhifriúla na ndaltaí agus freastal orthu dá réir. Caithfear ansin tabhairt faoi na dúshláin ar bhealach córasach, céimnithe. Mar scoil ionchuimsitheach tá sé mar aidhm ag Coláiste an Phiarsaigh constaicí chun foghlama i dtimpeallacht na scoile a aithint agus freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí le tionchar na gconstaicí sin a laghdú.

Riachtanais Bhreise Oideachais (RBO)
Tá riachtanais bhreise oideachais ag daltaí má thagann (nó más maith an seans go dtiocfaidh) 'constaicí chun foghlama' rompu go fánach sa ngnáthoideachas príomhshrutha. Is iomaí cúis go bhféadfadh daltaí a bheith sa gcatagóir seo: D'fhéadfadh níos mó nó níos lú deacrachtaí a bheith acu ag foghlaim ná a gcuid comhaoiseacha. D'fhéadfadh neamhord, míchumas fisiciúil nó míchumas céadfach a bheith acu a chothódh deacrachtaí dóibh áiseanna oideachasúla a chuireann an scoil ar fáil dá gcuid comhaoiseacha a úsáid.

Aidhmeanna:
Mar atá leagtha síos in Acht Oideachais 1998, san Acht Oideachais do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais 2004 agus san Acht um Stádas Comhionann, is iad aidhmeanna An Roinn Riachtanais Bhreise Oideachais i gColáiste an Phiarsaigh:

- Cearta bunreachtúla mar a bhaineann sé le cúrsaí oideachais a chur i bhfeidhm go praiticiúil do gach dalta, do dhaltaí le míchumas nó le RBO eile san áireamh.
- Leibhéal agus caighdeán oiriúnach oideachais a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ar chumas daltaí uile na scoile, chomh fada is atá sé praiticiúil agus na hacmhainní a bheith ar fáil.
- Cinntiú go gcuirtear oideachas ar fáil i dtimpeallacht ionchuimsitheach chomh fada agus is féidir, do dhaltaí le riachtanais ar leith.

- Deimhniú go bhfuil na cearta céanna ag daltaí le RBO, fáil a bheith acu ar oideachas agus tairbhe a bhaint as, agus atá ag daltaí nach bhfuil na riachtanais sin acu.
- Éisteacht le ionchur tuismitheoirí/caomhnóirí in oideachas a gcuid leanaí agus sa phróiseas cinnteoireachta maidir lena gcuid leanaí.
- Comhoibriú go dlúth leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) agus le háisíneachtaí eile maidir le hoideachas daltaí le RBO.
- Cinntiú go n-aithnítear daltaí le RBO agus go ndéantar freastal orthu ar bhealach cothrom le go ndéanfaí forbairt ar a n-acmhainn foghlama, ar a ndínit agus ar a bhféinmheas, agus go léirítear meas orthu dá réir.
- Cinntiú go bhfuil gach ball foirne ar an eolas faoi riachtanais ar leith na daltaí agus faoin gcaoi is fearr gur féidir leo cúnamh agus tacaíocht a thabhairt i ngach cás.
- Caighdeáin arda a leagadh síos do dhaltaí le RBO agus treoir oiriúnach a chur ar fáil dóibh á spreagadh le barr a gcumais a bhaint amach agus a bpoitéinseal iomlán a chomhlíonadh.
- Saineolas na foirne mar a bhaineann sé le tacú le daltaí le RBO a fhorbairt.
- Cinntiú go mbaintear úsáid éifeachtach, éifeachtúil as na hacmhainní a chuireann an ROS ar fáil.
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an chleachtais thacaíochta atá ar fáil do dhaltaí le RBO.

<u>Cur i bhfeidhm Mhúnla Múinteoireachta Oideachais Speisialta 2017</u>
(cf. Treoirlínte Tacaíochta do Daltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais in Iar-bhunscoileanna príomhshrutha , Lch.5).

Cloífear leis na prionsabail seo a leanas leis an múnla athbhreithnithe MOS (múinteoireacht oideachais speisialta) i gColáiste an Phiarsaigh a chur i bhfeidhm agus le cur chuige uile scoile do sholáthar tacaíochta do daltaí le RBO a chruthú:

Le scoil atá fíor-ionchuimsitheach a fhorbairt, bainfear úsáid as na hacmhainní a chuirtear ar fáil le tacaíocht a thabhairt do dhaltaí le RBO.

Bunófar tacaíocht a chuirtear ar fáil do dhaltaí le RBO ar riachtanais atá aitheanta.

Déanfar measúnuithe go rialta ar an dul chun cinn i bpáirt le múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí, mar atá leagtha síos sna Treoirlínte ar Chontanam Tacaíochta. Cuirfear an t-aiseolas seo san áireamh, sa tacaíocht a chuirfear ar fáil.

Tá an fhreagracht phríomhúil as dul chun cinn agus cúram na ndaltaí uile sa seomra ranga (daltaí le RBO san áireamh) ar an múinteoir ábhair.

Bainfear úsáid as tacaíochtaí MSO (Múinteoireacht Speisialta Oideachais) a chuirtear ar fáil don scoil ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt do dhaltaí le RBO amháin.

Beidh an leibhéal is airde tacaíochta ar fáil do na daltaí leis na riachtanais is mó, agus áit ar bith gur féidir, beidh múinteoirí leis an saineolas cuí, ag soláthar tacaíochta ar bhonn leanúnach.

Tá sé mar aidhm ag an scoil foireann lárnach a bhunú agus a choinneáil ar bun le freastal ar riachtanais daltaí le RBO. Beidh fáil ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) agus an taithí atá riachtanach ag gach bhall den fhoireann speisialta seo le freastal ar riachtanais ilghnéitheacha na ndaltaí le RBO.

<u>Ag tacú le daltaí le Riachtanais Bhreise Oideachasúla:</u>

Creat Contanam Tacaíochta SNSO

Ag dul de réir Chreat Contanam Tacaíochta SNSO, moltar próiséas 3 chéim le daltaí le riachtanais bhreise oideachasúla a aithint agus le tacú leo. Bíonn contanam i gceist le RBO. Bíonn réimse leathan d'éagsúlacht chumais i gceist - míchumas éadrom go míchumas níos dáiríre, míchumas neamhbhuan go míchumas fadtéarmach. Bíonn leibhéil éagsúla tacaíochta ag teastáil ó dhaltaí éagsúla ag brath ar na riachtanais ar leith atá acu. Cabhraíonn an creat seo le deimhniú go dtugtar an cúnamh breise isteach de réir a chéile, is é sin go ndéantar an idirghabháil go hincriminteach. Tosaítear le hidirghabháil ag leibhéal ranga agus ina dhiaidh sin de réir mar atá sé ag teastáil, tugtar tacaíocht níos treise don dalta aonair. Coinnítear súil ar an dul chun cinn agus is air sin a bhunaítear an leibhéal tacaíochta.

(Treoirlínte ROS do Scoileanna Iarbhunscoile: Ag tacú le daltaí le RSO i Scoileanna Príomhshrutha, Lch.6.

Comhad Tacaíochta Dalta: Treoirlínte

An Réasúnaíocht le Comhad Tacaíochta an dalta a úsáid: Is féidir leis an scoil taifead a choinneáil ar chúrsa an dalta tríd an gContanam Tacaíochta leis an gComhad Tacaíochta Dalta. Is féidir cúrsa an dalta a leanúint ó thús an phróiséis thacaíochta agus ina dhiaidh sin, má bhíonn sé ag teastáil, go dtí an leibhéal Tacaíocht Scoile (do roinnt daltaí) agus go dtí an leibhéal Tacaíocht Scoile Móide (do líon beag daltaí).

Plean Tacaíochta- Is téarma ginearálta é seo. Is iomaí cineál plean a d'fhéadfadh a bheith mar phlean tacaíochta. D'fhéadfadh sé gur plean ginearálta tacaíochta a bheadh i gceist, plean iompair nó conradh, próifíl foghlama aonair, plean foghlama pearsanta, srl.

Leibhéal 1:Tacaíocht do Chách

Má bhíonn deacrachtaí ag dalta (deacrachtaí foghlama, deacrachtaí iompair, deacrachtaí eagraíochtúla, deacrachtaí spreagtha etc.), tabharfaidh an múinteoir ábhair tacaíocht don dalta sin chomh maith agus atá ar a c(h)umas trí dhifreáil.

Mura n-oibríonn sé seo, líonfaidh siad an fhoirm traschurtha atá curtha ar fáil ón múinteoir bliana tríd ríomhphost agus déanfaidh sé/sí an t-eolas san fhoirm a phlé leis an Múinteoir Bliana.

Déanfaidh an Múinteoir Bliana measúnú ar an gcás, ag déanamh fiosrú níos leithne, le suirbhé ar mhúinteoirí abhair eile agus déanfaidh sé/sí teagmháil leis an mbaile. Ina

dhiaidh sin tiocfaidh an Múinteoir Bliana ar ais chuig an múinteoir/na múinteoirí ábhair le haon aiseolas breise a chabhraíonn le tacaíocht a thabhairt don dalta sa seomra ranga.

Má bhíonn deacrachtaí fós ag an dalta tar éis tréimhse áirithe ama (atá pléite agus socraithe leis an Múinteoir Bliana) cuirfidh an Múinteoir Bliana an cás faoi bhráid na Foirne Tréadchúraim le cur san áireamh do thacaíocht leibhéal a 2

Cuirfidh an múinteoir bliana na múinteoirí ábhair ar an eolas go bhfuil an cás curtha faoi bhráid na Foirne Tréadchúraim.

Leibhéal 2: Tacaíocht do Roinnt Daltaí
Pléifidh an Fhoireann Tréadchúraim aon chás a chuirfear faoina mbráid leis an múinteoir bliana agus cuirfidh siad an cás ar aghaidh chuig duine acu seo a leanas:

- An Príomhoide
- Leas-Príomhoide
- An Comhordaitheoir Riachtanais Bhreise Oideachais
- An Comhairleoir Treorach

Déanfaidh pé ar bith cé acu seo thuas a dtugtar an cás dó/di tuilleadh measúnú ar an gcás agus baileoidh siad breis eolais ar an dalta. Coinneoidh siad ansin cúntas scríofa ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm don dalta sin agus cuireadh na múinteoirí ábhartha ar an eolas faoi.

Leibhéal 3: Tacaíocht do Líon Beag Daltaí
Tar éis tréimhse ama atá socraithe leis an teagmhálaí ainmnithe ón bhFoireann Tréadchúraim, má tá deacrachtaí fós ag an dalta, féadfaidh an teagmhálaí an cás a chur le Tacaíocht Leibhéal a 3.

Ag an bpointe seo d'fhéadfadh sé/sí cinneadh a dhéanamh comhairle a iarraidh ar shaineolaí seachtrach (m.sh. Teiripeoir Cainte, Teiripeoir Saothair, Síceolaí, SMLO, SNSO, ERSO, CNOS, srl.). D'fhéadfadh measúnú níos cuimsithí a bheith i gceist anseo freisin, le cead na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Faoi threoir an tsaineolaí agus le cead na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí arís, cuirfidh an teagmhálaí ainmnithe plean tacaíochta leibhéal a 3 i dtoll a chéile, coinneoidh sé/sí cúntas scríofa i gComhad Tacaíochta an Dalta ar na bearta a shocraítear agus déanfaidh sé/sí monatóireacht ar na bearta a chuirtear i bhfeidhm

<u>Rólanna agus Freagrachtaí:</u>

An Bord Bainistíochta
Ba chóir don Bhord Bainistíochta i gColáiste an Phiarsaigh dul i gcomhairle leis an bpríomhoide chun soláthar d'ardchaighdeán a éascú do dhaltaí RBO. Ba chóir go mbeadh sé mar sprioc ag an mBord an timpeallacht is fearr gur féidir a chur ar fáil do na daltaí sin.

An Phríomhoide:
Tá an fhreagracht ar Phríomhoide na scoile a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais bhreise oideachais na ndaltaí.

Is é an príomhoide:

- A oibríonn leis an bhfoireann RBO, leis an mbord bainistíochta, le múinteoirí agus le tuismitheoirí/caomhnóirí i bhforbairt, athbhreithniú feidhmithe ar pholasaithe scoile uile a chuireann ionchuimsiú daltaí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu chun cinn
- A chinntíonn go ndéantar cur síos ar gach polasaí dá leithéid sa phlean scoile
- A dhéanann monatóireacht ar chur i bhfeidhm polasaithe agus soláthar scoile uile do riachtanais bhreise oideachais
- A éascaíonn forbairt ghairmiúil leanúnach gach ball foirne maidir le hoideachas daltaí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu
- A chinntíonn go bhfuil múinteoirí ábhair ar an eolas faoina bhfreagrachtaí maidir le hoideachas daltaí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu.
- A chuireann chun cinn rannpháirtíocht thuismitheoirí daltaí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu, trí chuireadh a thabhairt dóibh eolas a roinnt agus dul i gcomhairle leo faoin gcaoi a n-úsáidtear an fhaisnéis seo ar mhaithe le leas a pháiste.
- A dhéanann obair na CRS a bhainistiú agus a stiúradh.
- Atá mar bhaill don Fhoireann Tréadchúraim
- A théann i gcomhairle agus a dhéanann idirchaidreamh, a ghlacann le aon foirmeacha, de réir mar is gá, le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí seachtracha ábhartha, amhail an Roinn Oideachais, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus gníomhaireachtaí áitiúla.

An Fhoireann RBO

Tá an fhoireann RBO comhdhéanta den Phríomhoide, an Leas-Phríomhoide, comhordaitheoir RBO (CRBO), na múinteoirí RBO, múinteoirí Acmhainne, na Cúntóirí Riachtanais Speisialta (CRS).

Tá ról ag an gComhairleoir Treorach ag comhoibriú leis an bhFoireann RBO.

Tá an CRBO freagrach faoi threoir an Phríomhoide, as bainistiú a dhéanamh ar an soláthar tacaíochta do dhaltaí le RBO. Tá sé/sí freagrach as an soláthar tacaíochta sin a eagrú agus monatóireacht a dhéanamh air

Cuireann síceolaí ERSO agus SNSO comhairle ar an bhfoireann chomh maith le gníomhaireachtaí agus gairmithe eile a bhfuil baint acu le daltaí a bhfuil RBO acu sa scoil.

An Comhordaitheoir RBO

Tá an Chomhordaitheoir RBO freagrach as comhordú na Tacaíochta Acmhainní/Foghlama laistigh den scoil. Is é an CRBO:

- A dhéanann comhordú ar sholáthar RBO sa scoil
- A dhéanann cumarsáid leis an bhfoireann múinteoireachta maidir le heolas riachtanach a bhaineann le daltaí atá aitheanta go bhfuil RBO acu.
- A chuidíonn le socruithe chun daltaí a aistriú go rathúil óna mbunscoil go Coláiste an Phiarsaigh agus chun eolas a bhailiú faoi dhaltaí, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu, roimh an aistriú seo.
- Le cabhair ón bhFoireann RBO, riarann sé/sí agus coinníonn sé/sí taifid ar mheasúnuithe gnóthachtála caighdeánaithe a rinneadh i rith na scoilbhliana.
- Cuidíonn sé/sí le daltaí a bhfuil RBO acu a aithint
- A dhéanann idirchaidreamh le tuismitheoirí/caomhnóirí daltaí le RBO
- Atá mar bhaill don Fhoireann Tréadchúraim
- A théann i gcomhairle agus a dhéanann idirchaidreamh le síceolaithe SNSO, CNOS / ERSO agus gníomhaireachtaí seachtracha ábhartha eile.
- A phróiseálann iarratais le haghaidh socruithe réasúnta do na scrúdaithe stáit
- A éascaíonn cruinnithe roinne RBO agus déanann sé cathaoirleacht orthu
- A sholáthraíonn nuashonraithe ar gach ábhar RBO go bainistíocht na scoile.
- A choinníonn taifead ar fhillteáin RBO agus an bunachar RBO
- A dhéanann idirchaidreamh leis an leas-phríomhoide maidir leis an clár ama RBO
- A thugann comhairle agus a chomhoibríonn le CRS maidir le riachtanais chúraim na ndaltaí ábhartha.

*Déantar athbhreithniú rialta ar na dualgais seo agus is féidir iad a athrú chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais tosaíochta na ndaltaí.

An Múinteoir Bliana

Tá ról ríthábhachtach ag an múinteoir bliana i gcruthú timpeallachta cuimsitheach laistigh den scoil agus cuireann sé go mór le hobair na foirne riachtanais bhreise oideachais. Éascaíonn sé/sí cuimsiú daltaí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu trí mhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an dalta laistigh den bhliainghrúpa.

Is é an múinteoir bliana

• A chuireann iad féin ar an eolas faoi na daltaí a bhfuil diagnóis riachtanais bhreise oideachais acu ina gcuid bliainghrúpa trí fhaisnéis a scaipeadh ag an gcéad chruinniú foirne den scoilbhliain nua agus óna liostaí sa fillteáin den chainéal um RBO ar fhoireann Microsoft na foirne.
• A chuireann iad féin ar an eolas faoin bpróifíl agus na moltaí do na daltaí ina bhliainghrúpa a diagnóisíodh le riachtanais bhreise oideachais trí rochtain a fháil ar an rannán RBO de phróifíl an dalta ar an gcóras VSWare.
• A chothaíonn feasacht ar riachtanais bhreise oideachais i measc na ndaltaí, meas ar dhaltaí le RBO san áireamh.
• A dhéanann idirghábháil le múinteoirí ábhair maidir le dul chun cinn na ndaltaí ina mbliainghrúpa agus a chuireann foirm thraschur ar fáil dóibh má thárlaíonn sé go bhfuil dalta, nach raibh aitheanta ag an bhfoireann RBO agus atá ag streachailt fiú le difreáil a bheith déanta sa seomra ranga.
• A dhéanann idirghabháil le tuismitheoirí/caomhnóirí
• A dhéanann idirghabháil leis an bhFoireann Tréadchúraim, an CRBO agus an foireann RBO maidir le daltaí le riachtanais atá ag teacht chun cinn.

An múinteoir RBO

Is é an múinteoir RBO an múinteoir a thugann tacaíocht do dhaltaí ag leibhéal 2 nó 3.

Is é an múinteoir RBO:

- A dhéanann measúnú ar na daltaí atá faoina gcúram.
- A dhéanann idirghabháil le baill foirne eile de réir mar atá feiliúnach.
- A dhéanann múineadh díreach a sholáthar do dhalta le RBO chun an múineadh a bhíonn ar siúl sa seomra ranga a atreisiú nó chun feabhas a chur ar na bunscileanna a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun rochtain rathúil a fháil ar an gcuraclam dara leibhéal.
- A dhéanann múineadh foirne/comhúineadh a sholáthar nuair is féidir, nuair nach é tarraingt siar ón seomra ranga an bealach is oiriúnaí chun tacú leis an dalta
- A bhailíonn eolas ó na trialacha caighdeánacha, agus measúnuithe chun cabhrú leo na deacrachtaí atá ag an dalta le RBO a aithint go cruinn.
- A bhíonn páirteach i bpleananna tacaíochta Leibhéal 2 nó 3 a chur le chéile, más gá, a chuireann i bhfeidhm iad agus dhéanann monatóireacht orthu.
- A choimeádann taifead ar dhul chun cinn an dalta atá faoi a c(h)úram, a dhéanann machnamh ar agus athruithe/uasdátú don phlean a phlé leis an bhfoireann RBO más gá.

An Múinteoir Ábhair:

Tá príomhról ag an múinteoir ranga maidir le cuimsiú rathúil a dhéanamh ar dhaltaí a bhfuil RBO acu i ranganna príomhshrutha.

Is é an múinteoir ábhair atá freagrach go príomha as dul chun cinn oideachasúil gach dalta ina rang. Cruthaíonn siad timpeallacht ranga a fhreastalaíonn ar dheacrachtaí foghlama agus fisiceacha agus a chuireann san áireamh iad. Cuireann múinteoirí cur chuige idirdhealaithe i bhfeidhm don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú chun a chinntiú go ndéantar freastal ar scileanna na ndaltaí ar fad lena n-áirítear daltaí le RBO.

Is iad na múinteoirí ábhair

• A chuireann iad féin ar an eolas faoi na daltaí a bhfuil diagnóis RBO ina gcuid ranganna trí fhaisnéis a scaiptear ag an gcéad chruinniú foirne den scoilbhliain nua agus óna liostaí sna fillteáin den chainéal um Riachtanais Bhreise (RB) ar fhoireann Microsoft na foirne.
• A chuireann iad féin ar an eolas faoin bpróifíl agus na moltaí do na daltaí ina seomra ranga a diagnóisíodh le riachtanais bhreise oideachais trí rochtain a fháil ar an rannán RBO de phróifíl an dalta ar an gcóras VSWare agus difreálú a dhéanamh dá réir.
• A fhéachann ar thorthaí na dtrialacha caighdeánacha ar gach dalta ina seomra ranga, atá ar fáil sna fillteáin den chainéal RB, chun difreáil a dhéanamh ar riachtanais daltaí ar leith.
• A bhíonn eolach ar pholasaí agus nósanna imeachta na scoile maidir le RBO
• A ghlacann páirt i bhforbairt ghairmiúil maidir le deacrachtaí coitianta a bhíonn ag daltaí le RBO
• A chabhraíonn chun daltaí le RBO a aithint go luath. Má thagann ceisteanna chun cinn maidir le dalta ar leith nach bhfuil sainaitheanta go bhfuil riachtanas bhreise oideachais aige/aici, tógann an múinteoir céimeanna chun iad féin a chur ar an eolas faoi thorthaí trialacha caighdeánacha an dalta, agus cuireann siad plean i bhfeidhm chun difreáil a dhéanamh dá réir. Lorgaíonn an múinteoir comhairle, más gá, ón CRBO maidir leis an mbealach is fearr chun spriocanna a leagadh síos agus difreáil a dhéanamh dá réir.
• A chuireann a b(h)uarthaí ar aghaidh chuig an múinteoir bliana má bhíonn deacracht leanúnach ag an dalta, fiú tar éis a phlean ag leibhéal 1 a chur i bhfeidhm, ag baint úsáide as foirm traschurtha a sholáthraíonn an Múinteoir Bliana, chun próifíl níos leithne a cheadú.
• A dhéanann difreálú ina modhanna múinte agus gníomhaíochtaí ranga do daltaí, lena n-áirítear ‘thar a bheith cumasach’ nó ‘cumasach’
• A dhéanann dul chun cinn a mheas agus monatóireacht ar a c(h)uid daltaí.
• A dhéanann machnamh ar riachtanais daltaí le RBO i ngach gné de phleanáil an tseomra ranga.
• A dhéanann pleanáil, sa chás go bhfuil CRS ag dalta, ar an mbealach is éifeachtaí le dul i ngleic leis an CRS i gcomhairle leis an gComhordaitheoir RBO.

- A spreagann agus a thacaíonn le neamhspleáchas an dalta.

An Cúntóir Riachtanas Speisialta

Soláthraíonn an Cúntóir Riachtanas Speisialta (CRS) cúnamh agus cúraim do dhaltaí ainmnithe a bhfuil riachtanais cúraim príomhúil acu. Cuireann siad go mór le cumas na scoile oideachas cuimsitheach a sholáthar do na daltaí seo.

Ceapann Roinn RBO plean straitéise cuí do dhalta a bhfuil riachtanais bhreise oideachais aige/aici. Déanann an CRS cúram de chur i bhfeidhm an phlean seo.

Tá ról tábhachtach ag an gCRS i sláinte agus sábháilteacht an dalta agus ina fhorbairt shóisialta, mhothúchánach agus oideachais. Tá sé tábhachtach go dtacaíonn an CRS le rannpháirtíocht na ndaltaí i saol na scoile gan cultúr spleáchais a fhorbairt.

Is é an CRS a:

- A thugann cúnamh speisialta de réir mar is gá do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí ar leith acu m.sh. cabhrú le daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu le clóscríobh, le scríbhneoireacht nó le húsáid eile trealaimh.
- A chabhraíonn le / a thugann tacaíocht do dhaltaí ar thurais scoile, más gá.
- A freastalaíonn ar chruinnithe Foirne agus Roinne nuair is cuí.
- A chabhraíonn le scrúduithe léitheoireachta/scríbhneoireachta (más cuí).
- A thógann amach daoine aonair nó grúpaí beaga go sealadach le haghaidh sosanna gluaiseachta más gá
- A ghlacann páirt i bpleanáil forbartha scoile, nuair is cuí, agus comhoibriú le haon athruithe dá leithéid le polasaithe agus cleachtais a eascraíonn as an bpróiseas forbartha scoile.
- A bhíonn i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí daltaí le riachtanais bhreise i struchtúir fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla de réir mar is gá.
- A ghlacann le dualgais chuí eile chun freastal ar riachtanais na ndaltaí agus na scoile. Is féidir CSO a athshannadh chuig obair chuí eile nuair a bhíonn daltaí le riachtanais bhreise as láthair nó nuair a thagann éilimh oibre an-phráinneacha chun cinn.

An tuismitheoir/caomhnóir

Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí cur go mór le foghlaim a gcuid bpáistí. Spreagann Coláiste an Phiarsaigh cumarsáid oscailte idir thuismitheoirí agus mhúinteoirí le linn dá gclann a bheith ag freastal ar an scoil. Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí réiteach faoi chroí-obair na scoile agus tacú leis an obair ar na bealaí seo a leanas:

- Gach eolas agus tuairiscí ábhartha a chur ar fáil don scoil maidir le deacrachtaí foghlama, riachtanais foghlama agus láidreachtaí a gcuid leanbh agus maidir le haon imní eile a d'fhéadfadh a bheith orthu fúthu. Cabhróidh an t-eolas seo leis an scoil tús a chur le plean oideachais ionchuimsitheach dá ndaltaí. Tá sé fíor-thábhachtach na cáipéisí a chur ar fáil ionas go mbeadh cur chuige comhoibríoch ann ag leagan amach plean foghlama don dalta.
- Tá ról tábhachtach ag tuismitheoirí/caomhnóirí i gcruthú agus i gcur i bhfeidhm fillteáin tacaíochta a gcuid leanaí .
- Cuirtear fáilte roimh thuismitheoirí/caomhnóirí cumarsáid oscailte a bheith acu leis an scoil ag aon am má bhíonn imní orthu faoi oideachas a bpáiste.
- Cabhraíonn tuismitheoirí/caomhnóirí leis an scoil trí mhúinteoirí a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn a bpáiste nó faoi aon deacrachtaí a bhíonn acu.

An Dalta

- Ba cheart do dhaltaí atá ag fáil tacaíocht bhreise:
- Dearcadh dearfach a bheith acu maidir le rannpháirtíocht ina gcuid bhfoghlama.
- Páirt a bheith acu i roghnú an ábhair atá ábhartha leis na spriocanna seo a bhaint amach.
- A bheith rannpháirteach go hiomlán i chuile measúnú.
- "Úinéireacht" a ghlacadh ar na scileanna agus na straitéisí a mhúintear mar chuid den tacaíocht bhreise a fhaigheann siad agus foghlaim le hiad seo a chur i bhfeidhm ina gcuid foghlama féin

<u>Socrú do dhaltaí a bhfuil riachtanais ar eolas agus doiciméadú</u>

<u>An t-aistriú go dtí an iar-bhunscoil agus an t-aistriú aisti</u>

Aithníonn an scoil a freagracht faoi Alt 14 d'Acht EPSEN 2004, maidir le tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ar gach ábhar a bhaineann le hoideachas a bpáiste. Is féidir le cáilíocht eispéiris an pháiste ar an aistriú go dtí an iar-bhunscoil a stiúradh conas a shocróidh sé/sí ar scoil. Molaimid go gníomhach do thuismitheoirí dul i dteagmháil leis an gComhordaitheoir RBO

- Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí pháiste le RBO eolas luachmhar a chur ar fáil don scoil maidir le deacrachtaí foghlama, difríochtaí foghlama agus roghanna foghlama a bpáiste. Nuair a bhíonn áit glactha acu sa scoil iarrtar ar thuismitheoirí foirm a chomhlánú ag léiriú an bhfuil áit glactha ag an dalta, go raibh tuairiscí oideachais/leighis acu a bhaineann le tacú leo ar scoil agus má d'fhreastail siad ar thacaíocht/acmhainn foghlama roimhe seo.
- Lorgaíonn an fhoireann RBO tuairiscí gairmiúla ábhartha ó thuismitheoirí daltaí le RBO maidir le glacadh áit sa scoil

- Bíonn cumarsáid rialta ar fáil trí ríomhphost díreach chuig an gComhordaitheoir RBO agus cruinnithe más gá.
- Déanann an CRBO teagmháil leis na bunscoileanna friothálacha chun eolas cothrom atá suas chun dáta a bhailiú.
- Cuireann an fhoireann RBO isteach ar thacaíocht CRS/Teicneolaíocht Chúnta do dhaltaí ábhartha.

<u>An t-aistriú go dtí an iar-bhunscoil agus ó iar-bhunscoil eile</u>
Leanann an córas céanna ó thús :

An t-aistriú go dtí an iar-bhunscoil agus an t-aistriú aisti.

Ag tosnú le RBO aitheanta i mBliain 1

- Cuirtear an diagnóis/dúshláin, na láidreachtaí, na riachtanais agus na moltaí in iúl do mhúinteoirí le linn cruinnithe foirne ag tús na bliana agus tá eolas achomair ceangailte le próifíl an dalta ar an gcóras VSware do mhúinteoirí cuí.
- Cuirtear ranganna acmhainní/tacaíochta foghlama ar fáil do na daltaí más gá
- Ag tús gach bliain acadúil déantar athbhreithniú aonair ar gach dalta atá faoi chúraim na Foirne RBO maidir leis an gcineál tacaíochta atá ag teastáil agus an t-ualach curaclaim.

<u>Bliainghrúpaí eile le diagnóis nua</u>
Má fhaigheann dalta atá sa scoil linn diagnóis nua, is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí dul i dteagmháil leis an CRBO, an tuairisc ghairmiúil a sholáthar agus in éineacht le haiseolas ó thuismitheoirí, an Fhoireann Tréadchúraim, agus an dalta beidh an próiseas céanna i bhfeidhm mar atá thuas.

<u>Socrú do dhaltaí le riachtanais atá ag teacht chun cinn</u>

<u>Eolas á lorg ag síceolaí, teiripeoir saothair agus gníomhaireachtaí seachtracha eile</u>
Glacann an príomhoide le foirmeacha ó síceolaí, teiripeoir saothair agus gníomhaireachtaí seachtracha eile agus le cead ón tuismitheoir/caomhnóir, dáileann sé amach na foirmeacha go dtí na múinteoirí is oiriúnaí chun iad a líonadh. Cuireann sé an fhoireann tréadchúraim ar an eolas.

I gcás daltaí a bhfuil riachtanais éiritheacha acu, d'fhéadfadh an imní a bheith aitheanta trí chórais scagthástála agus monatóireachta na scoile uile. Déantar tástálacha scagthástála éagsúla sa Chéad Bhliain, sa Dara Bliain, san Idirbhliain agus sa Chúigiú Bliain. Beidh tuilleadh tástála aonair nó diagnóiseacha ag teastáil ó roinnt daltaí chun nádúr a gcuid riachtanas (idir fhoghlaim agus iompar) a shainaithint. Faightear toiliú na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí sula riartar tástálacha diagnóiseacha.

<u>Eolas bailithe ó múinteoirí ábhair</u>

- Má thugann múinteoir ábhair faoi deara go bhfuil daltaí ar leith atá ag fáil an t-ábhar dúshlánach. Spreagtar na múinteoirí tagairt a dhéanamh do thorthaí CAT4 agus PPAD-E na daltaí chun iad féin a chur ar an eolas maidir lena réimsí

láidreachta agus a riachtanais. Cabhraíonn sé seo le difreáil a phleanáil sa seomra ranga.

- Iarrtar ar mhúinteoirí ábhair foirm atreoraithe faighte ón múinteoir bliana a chomhlánú do dhaltaí a bhféadfadh imní a bheith orthu maidir le dúshláin foghlama atá ag teacht chun cinn fiú tar éis difreáil a dhéanamh chun freastal ar a gcuid láidreachtaí agus riachtanais sa rang. Nascann na múinteoirí bliana le ar a laghad beirt mhúinteoirí ábhair eile sula gcuirtear an dalta ar aghaidh chuig an bhFoireann Tréadchúram.

<u>Eolas bailithe le scagadh agus tástáil diagnóiseach</u>

Bliain 1

- Déanann gach dalta Triail Chumais Chognaíoch; CAT4 agus tástáil ghnóthachtála litearthachta PPAD-E sa chéad téarma den chéad bhliain. Is féidir na trialacha seo a úsáid chun láidreachtaí agus riachtanais na daltaí nua a aithint agus chun cabhrú le daltaí a bhféadfadh riachtanas bhreise a bheith acu a aithint.
- Má aithnítear dalta le haghaidh tuilleadh tástála diagnóiseacha scoilbhunaithe, déantar teagmháil leis na tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Bunaithe ar na trialacha seo, aiseolas ón múinteoir bliana, múinteoirí ábhair, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí pléifidh an fhoireann RBO le tuismitheoirí/caomhnóirí an cheart nó cén tacaíocht ar cheart a chur ar fáil.
- Tá torthaí CAT4 agus PPAD-E ar fáil do mhúinteoirí ábhair lena n-athbhreithniú ag am ar bith ar fhillteáin shrianta foirne i gcóras Microsoft 365 na scoile agus Athena.

Bliain 2

- Déantar an WRAT5 tástáil gnóthachtála ar litriú leis an mbliain grúpa ar fad
- Má aithnítear dalta le haghaidh tuilleadh tástála diagnóiseacha scoilbhunaithe, déantar teagmháil leis na tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Bunaithe ar na trialacha seo, aiseolas ón múinteoir bliana, múinteoirí ábhair, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí pléifidh an fhoireann RBO le tuismitheoirí/caomhnóirí an cheart nó cén tacaíocht ar cheart a chur ar fáil.

Bliain 4

- Déanann dalta an CAT4 chun breis eolais a chur ar fáil dóibh agus iad ag déanamh roghanna ábhar amach anseo.

Bliain 5

- Déantar an WRAT5 tástáil gnóthachtála ar litriú leis an mbliain grúpa ar fad

- Má aithnítear dalta le haghaidh tuilleadh tástála diagnóiseacha scoilbhunaithe, déantar teagmháil leis na tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Bunaithe ar na trialacha seo, aiseolas ón múinteoir bliana, múinteoirí ábhair, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí pléifidh an fhoireann RBO le tuismitheoirí/caomhnóirí an cheart nó cén tacaíocht ar cheart a chur ar fáil.

Léirmheas ar thacaíocht do mhic léinn

- Ag tús gach bliana acadúla, le linn mhí Mheán Fómhair, déantar athbhreithniú aonair ar gach daltaí atá faoi chúraim na Foirne RBO maidir leis an gcineál tacaíochta a bhíonn ag teastáil agus an t-ualach curaclaim.
- Braitheann an tréimhse idirghabhála a mholtar do gach dalta le RBO ar nádúr agus ar mhéid a riachtanas aonair. Bíonn fad an tsoláthair éagsúil agus déantar athbhreithniú air le linn na hidirghabhála. Tá cásanna ann ina dteastaíonn tacaíocht ar bhonn gearrthéarmach, agus ina dhiaidh sin tá an dalta in ann tosú arís ar an ngnáthchuraclam. Pléitear gach cinneadh ina leith seo i measc na foirne RBO i gcomhar leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus an dalta.

Comhréiteach Réasúnta ar Scrúduithe Teastais (CRST)

Má tá comhad tacaíochta ag an dalta agus má thagann sé/sí faoi na tosca a bhaineann le CRST, pléifidh an CRBO na socruithe seo le tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an dalta. Próiseálfaidh an CRBO iarratais dá leithéid má mheastar a bheith oiriúnach.

Déantar an t-eolas/tástáil a theastaíonn do CRST a bhailiú ón 2ú agus an 5ú bliain i mí an Mhárta agus uaireanta i rith bhliain na scrúduithe. Próiseáiltear iarratais an scoilbhliain dár gcionn agus seoltar chuig an CSS iad de réir na ndátaí deiridh atá socraithe ag CSS.

Is é an CSS a bhronann an socrú réasúnta don Teastais Sóisearach agus Ardteistiméireacht. Cuireann an CRBO iarratais isteach ar son an dalta, bunaithe ar an fillteáin tacaíochta, fianaise ó thástála diagnóiseacha scoilbhunaithe na ndaltaí, an t-eolas ón scríbhneoireacht agus léitheoireacht a bhailítear ó scrúdaithe na ndaltaí/tuairiscí leighis (más cás leighis atá i gceist).

Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (BRODM)

Cuireann an CRBO torthaí scrúdaithe diagnóiseach ar fáil don múinteoir gairmtreoir má tá siad ag teastáil.

Modhanna Idirghabhála/Tacaíochta

- Tacaíocht rangbhunaithe/Difreáil
- Teagasc Foirne/Cómhúinteoireacht
- CRS a chuimsiú i ranganna ar leith
- Grúpaí beaga tacaíochta lasmuigh den seomra ranga

- Ranganna aonair lasmuigh den seomra ranga

Coimeád taifead

Coimeádtar taifead iomlán ar thuairiscí síceolaíochta, tuairiscí eile agus taifid ar chruinnithe i gcomhad na ndaltaí aonair in oifig an chomhordaitheora RBO i gcaibinéad faoi ghlas.
Coimeádtar formáidí leictreonacha ar Microsoft 365 i gcomhad an RBO atá inrochtana don fhoireann RBO.
Déantar an fhaisnéis go léir a bhainistiú de réir threoracha an Achta um Shaoráil Faisnéise agus um Chosaint Sonraí araon. Scriostar taifid na ndaltaí tar éis dóibh an scoil a fhágáil ar feadh cúig bliana.

An Rang Speisialta (Lúnasa 2025)

Ceadaítear rang speisialta do dhaltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais casta/throma acu de bharr míchumais áirithe. Níor cheart rollú i rang speisialta ach amháin nuair atá fianaise shoiléir go dteastaíonn tacaíocht ó rang speisialta ag an scoláire toisc nach bhfuil sé/sí in ann rochtain a fháil ar an gcuraclam i rang príomhshrutha don chuid is mó den lá scoile nó an lá ar fad fiú le tacaíochta cuí.

Ba chóir go gcuirfí na nithe seo a leanas san áireamh agus cinneadh a dhéanamh maidir le dalta a chlárú i rang speisialta:

- Láidreachtaí, cumas agus riachtanais an scoláire.
- Taithí agus torthaí an dalta go dtí seo.
- Na hidirghabhálacha a bhí nó d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun tacú leis an dalta.

Chun rollú i rang speisialta ní mór do dhalta tuairisc(í) a bheith aige/aici ó ghairmí ábhartha nó ó foireann gairmithe ábhartha (mar shampla, síceolaí, teiripeoir urlabhra agus teanga, síciatraí) a chaithfidh na critéir seo a leanas de chuid na Roinne Oideachais a chomhlíonadh:

1. Tá míchumas ag an dalta (de réir ainmniú an ranga speisialta atá i gceist (uathachas) agus
2. Tá riachtanais chasta nó throma foghlama ag an scoláire a dteastaíonn tacaíocht ó rang speisialta agus nó cúiseanna leis seo.

Caithfidh an tuairisc ghairmiúil riachtanais na Roinne Oideachais a chomhlíonadh maidir le uathachas. Ní thabharfaidh áit sa rang speisialta ach amháin de réir na critéar leagtha síos thuas.

Toisc go bhféadfadh riachtanais fhoghlama athrú le himeacht ama beidh athbhreithniú leanúnach agus scrúdú cúramach déanta ar dhul chun cinn an dalta maidir le na spriocanna foghlama a bhaint amach.

Sa chás go bhfuil cinneadh á dhéanamh nach é an rang speisialta an socrúchán is oiriúnaí a thuilleadh, ní mór don scoil a chur in iúl don ERSO trí Fhoirm CNOS 5, a chomhlánú má tá an rang speisialta fágtha ag dalta.

Déanann an scoil pleanáil chúramach agus tacaíonn sí le haistriú na scoláirí ag eochair chéimeanna dá gcuid oideachais.

Ag monatóireacht polasaithe agus nósanna imeachta

Is iad luchtpháirtithe leasmhara atá freagrach as agus i gceannas ar dhul chun cinn, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú pholasaithe scoile agus seirbhísí maidir le ionchuimsiú daltaí le riachtanais oideachais breise. Athbhreithniú ar an bPolasaí & Measúnú: Déanfar measúnú ar an bpolasaí seo ag am cuí. Ag cinntiú go gcuirtear moltaí na n-áisíneachtaí seachtracha i bhfeidhm mar is cóir.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bpolasaí seo ar an 17/06/2025

Sínithe:

_____

Ruairí Ó Catháin

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

_____

Micheál Ó Tuama

Príomhoide

Acrainmneacha:

ROS: Roinn Oideachais & Scileanna (DES)

RBO: Riachtanais Bhreise Oideachais (AEN)

CRBO Comhordaitheoir Riachtanais Bhreise Oideachais

ERSO: Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais (SENO)

CRS: Cúntóir Riachtanas Speisialta (SNA)

CRST Comhréiteach Réasúnta ar Scrúduithe Teastais (RACE)

CNOS: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)

SNSO: An tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais (NEPS)

CAT4: Cognitive Abilities Test 4

PPAD-E: Post Primary Assessment and Diagnosis – English

BRODM: Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE)

SMLO: Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS)

Aguisín 1

COMHAD AN DALTA UM LEANÚNTAS TACAÍOCHTA	
Ainm an Dalta	
Teagmháil Tuis.	
Dáta Breithe	
Bunscoil	
An Dáta a Osclaíodh an Comhad	
An Dáta a Dúnadh an Comhad	



Leanúntas Tacaíochta

Seicliosta Tacaíochta			
Ainm:	**Aois:**	**Rang:**	**Dáta:**
EOLAS GINEARÁLTA	**Seiceáilte Tá/Níl**	**Nótaí tráchta**	
1. Teagmháil déanta le tuismitheoirí/caomhnóirí			
2. Eolas faighte ón scoil roimhe seo/ón naíonra			
3. Éisteacht			
4. Amharc			
5. Riachtanais Leighis			
6. Seicliosta na mBunriachtanas líonta isteach			
7. Measúnú/trialacha scagtha déanta			
8. Breathnóireacht ar an stíl/ an cur chuige foghlama			
9. Breathnóireacht ar an iompraíocht			
10. Comhrá/plé leis an scoláire			
11. Teagasc difreáilte curtha i bhfeidhm sa rang			
12. An timpeallacht foghlama curtha in oiriúint			
13. Timpeallacht an chlóis/na scoile curtha in oiriúint			
14. Comhairliúchán/comhairle neamhfhoirmiúil (nó foirmiúil) le daoine gairmiúla seachtracha			
15. Comhairle ón múinteoir RBO nó ó bhaill foirne eile scoile?			

16. Idirghabhálacha eile curtha i bhfeidhm sa scoil?		
Gá le gníomhú?		

Teagmháil roimh tosnú ar scoil

Diagnóis	
Tuismitheoirí/caomhnóirí	
Achoimre ar thuairisc	
Teagmháil Bhaile	
Teagmháil Bunscoile	
Plean Bunúsach	

Plean Tacaíochta (Tagairtí riachtanacha: Riachtanais Speisialta Oideachais - Leanúntas Tacaíochta, Treoirlínte do Mhúinteoirí)		
Ainm an Dalta:	**Aois:**	**Dáta Tosaithe:**
Múinteoir a Chomhordaíonn:	**Rang:**	**Dáta an Athbhreithnithe:**
Láidreachtaí & Ábhair Spéise an Dalta		
Na Príomhúdair Imní:		
Cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann:		
Na Spriocanna ba mhaith linn a bhaint amach:		
Na straitéisí atá le húsáid:		
Cé a bheidh páirteach agus na hacmhainní a theastaíonn		
Aontaithe le tuismitheoir/caomhnóir?		

Athbhreithniú ar an bPlean Tacaíochta *(Tagairtí riachtanacha: Riachtanais Speisialta Oideachais - Leanúntas Tacaíochta, Treoirlínte do Mhúinteoirí)*		
Ainm an Dalta:	**Aois:**	**Rang:**
I láthair don Athbhreithniú:		**Dáta an Athbhreithnithe:**
Na spriocanna atá bainte amach agus cén fáth gur éirigh leo:		
Na spriocanna nár baineadh amach agus cén fáth nár éirigh leo sin:		
Céard iad na riachtanais atá ar an dalta faoi láthair?		
Na gníomhaíochtaí atá molta – *cad* iad féin, *cé* a chuirfidh i gcrích iad, *conas* agus *cathain:*		
Ráitis/Tuairimí an dalta:		
Tuairimí na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí:		
Toradh an Athbhreithnithe:		

Plean Tacaíochta Scoile nua le haontú	☐	**Fill ar an bPróiseas Tacaíochta Ranga**	☐	**Próiseas Tacaíochta Scoile Móide le cur ar bun**	☐	**Lorg comhairliúchán le duine gairmiúil eile m.sh. síceolaí** SNSO **nó teiripeoir urlabhra agus teanga**	☐

Aguisín 2

Riachtanais Speisialta – Foirm Tarchurtha

Múinteoir Ábhair go Múinteoir Bliaina

Dáta: Click or tap to enter a date.

Cuir tic leis an mbuairt is mó a bhraitheann tú

☐Litearthacht

☐Uimhearthacht

☐Dúshláin fhisiciúla / chéadfacha

☐ Dúshláin mhothúchánach

☐Rud eile

Más rud eile é, déan cur síos air anseo:

Táim tar éis féachaint ar na torthaí CAT4, PPAD-E agus aon eolas ar VSWare maidir leis an dalta seo agus difreáil cuí a dhéanamh ☐

Ainm an Dalta:	Click or tap here to enter text.
Rang :	Choose an item.
Ainm an mhúinteora:	Click or tap here to enter text.
Ábhar atá á mhúineadh agat:	Click or tap here to enter text.

Na láidreachtaí atá ag an dalta:	
Na buarthaí maidir leis an dalta:	

Leag síos aon difreáil atá curtha i bhfeidhm agat chun tacaíocht a thabhairt don dalta:	
Ar chabhraigh an difreáil seo?	

Conas is fearr i do thuairim teacht i gcabhair ar an dalta?	
Aon eolas breise?	